# Grianghraif d'fhilleadh do linbh ar an scoil

## #SmaoinighSulaBpostálannTú

An bhfuil tú ag smaoineamh ar ghrianghraf d'fhilleadh do linbh ar an scoil a phostáil?
Coinnigh faisnéis do linbh sábháilte trí na ceithre chéim seo a leanas a leanúint:

### 1 Ná comhroinn an iomarca

Coinnigh simplí é. Ná cuir aon fhaisnéis bhreise leis a bhféadfaí do leanbh agus a scoil a thaispeáint inti.

### 2 Cad atá sa chúlra?

Déan doiléir aon suaitheantais scoile ar éidí scoile nó an uimhir tí ar do dhoras tosaigh agus cas as sonraí suímh.

### 3 Labhair le do leanaí

Ná déan dearmad gur **leosan** aon ghrianghraf díobh. Mura bhfuil siad sásta go bpostálfá an grianghraf ar líne, ná déan é.

### 4 Cé hiad na daoine ar mhaith liom go bhfeicfeadh siad an grianghraf seo?

Socraigh do phróifíl chuig socrú 'príobháideach'. Déan cinnte de nach bhfuil ar áireamh i do liosta 'cairde' ach daoine a bhfuil aithne agat orthu dáiríre agus a bhfuil tú compordach an fhaisnéis sin a chomhroinnt leo.

Le haghaidh tuilleadh eolais téigh go dtí www.dataprotection.ie

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission